Siúlóidí Oidhreachta i gCorca Dhuibhne

Músaem Chorca Dhuibhne & Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Más suim leat siúl nó dul ag dreapadh sléibhte i gceann des na ceantracha is áille in Éirinn, tar go Baile an Fheirtéaraigh le linn 2011. Tá dhá dheireadh seachtaine siúlóidí á n-eagrú ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne dóibhsean a bhfuil líofacht áirithe sa Ghaeilge acu agus a bhfuil suim acu an ceantar a shiúl le treoraí a bhfuil cur amach aige ar stair, ar sheanchas agus ar oidhreacht an cheantair. Cliceáil ar Cúrsaí Gaeilge i gcomhair a thuilleadh eolais ar chúrsaí siúlóidí na Bealtaine (Cúrsa 3) agus Dheireadh Fómhair (Cúrsa 10).

Mura bhfuil uait ach siúlóidí áitiúla ar bhóthar, ar chosán nó ar thrá, is féidir do rogha slí a thógaint ó Mhúsaem Bhaile an Fheirtéaraigh agus tú féin a threorú leis na mapaí seo a leanas:

1. Slí Ghallarais (Siúlóid Oidhreachta 1)
2. Slí an Mháimín (Siúlóid Oidhreachta 2)
3. Slí na nDúnta (Siúlóid Oidhreachta 3)

Ar na bealaí siúlóide náisiúnta a ghabhann tré Chorca Dhuibhne tá:

- Slí Chorca Dhuibhne
- Cosán na Naomh

Tuilleadh Eolais: www.westkerrymuseum.com nó www.oidhreacht.ie